

2 Bailiú ranníocaíochtaí pinsin atá dlite don Státchiste

- 2.1** I gcás scéimeanna pinsin le sochar sainithe san earnáil phríobháideach agus san earnáil leathstáit tráchtála, is iondúil go n-éilítear ar idir na fostaithe agus na fostóirí íocaíochtaí a dhéanamh isteach i gciste pinsin, a dhéantar a infheistiú agus a choinnítear mar shócmhainn le dliteanais phinsin a chlúdach san am atá le teacht. Caithfidh luach an chiste pinsean sin a bheith leordhóthanach le dliteanais phinsin a chlúdach amach anseo de réir mar a thiocfaidh siad chun a bheith dlite.
- 2.2** I gcodarsnacht leis sin, is gnách gur neamhchistithe a bhíonn scéimeanna pinsin seirbhíse poiblí. Is é sin le rá go ndéantar na sochair a chistiú ar bhonn 'foc mar a úsáidtear' agus go gclúdaítear costas bliantúil na bpinsean atá á n-íoc leis an ioncam reatha.
- 2.3** I leith fostaithe sa tseirbhís phoiblí a fostaíodh roimh an 1 Eanáir 2013
- Coinníonn an comhlacht Stáit na ranníocaíochtaí arna mbailiú ó na fostaithe agus cuirtear san áireamh ina chuid ioncaim reatha iad, nó déantar iad a íoc leis an máthair-Roinn.
 - Ní dhéanann formhór na gcomhlachtaí Stáit ranníocaíocht fostóra.
- 2.4** An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an 'Scéim Aonair') a cuireadh ar bun faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 (an tAcht), tháinig sí i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Gach duine a chuaigh isteach i bhfostaíocht inphinsin sa tseirbhís phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin, is ball ginearálta den Scéim Aonair é.
- 2.5** Sa reachtaíocht lenar cuireadh an Scéim Aonair ar bun rinneadh foráil do ranníocaíochtaí pinsin fostóra i ndáil le heintitis nach bhfuil lánchistithe ag an Státchiste.¹ B'aidhm leis sin go bhféadfaí éileamh ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí atá cistithe go hiomlán nó go páirteach ó fhoinsí seachas an Lárchiste ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh le costas na sochar pinsin arna bhfabhrú ag baill foirne sa tréimhse a chur san áireamh. Socraíodh an ráta ranníocaíochta fostóra ag costas soláthair na sochar atá i gceist, arna dhéanamh amach go hachtúireach, tar éis na ranníocaíochtaí fostaí a chur san áireamh, agus socraíodh freisin nach mbeadh an ranníocaíocht fostóra níos mó ná trí oiread na ranníocaíochta fostaí.
- 2.6** Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an Roinn) an fhoráil sin den Acht i bhfeidhm i mí na Nollag 2016 agus d'eisigh Ciorclán 28/2016 (an Ciorclán). Tugadh treoir ann go mbeadh an ranníocaíocht fostóra iníoctha ar ráta trí oiread na ranníocaíochta fostaí sa chás
- go bhfuil comhlacht seirbhíse poiblí féinmhaoinithe, nó
 - go bhfuil gníomhaíocht de chuid comhlacht poiblí, a n-oibríonn fostaithe atá ar an Scéim Aonair uirthi, féinmhaoinithe go hiomlán nó go páirteach (m.sh. tionscadal taighde atá cistithe ar bhonn tráchtála atá á dhéanamh trí chomhlacht ardoideachais).

¹ Alt 16(4) den Acht.

- 2.7** Cé gur eisíodh an Ciorclán i mí na Nollag 2016, measadh gurbh é an 1 Eanáir 2013 an dáta éifeachta ó thaobh an cheanglais le ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh, arb é an dáta ar cuireadh tús leis an Scéim Aonair. Luadh sa Chiorclán (alt 4) go ndéanadh an Roinn teagmháil dhíreach 'in am is i dtráth' leis na comhlachtaí Stáit a n-éileofaí orthu ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh agus, sa chomhthéacs sin, go gcoinneodh an Roinn i dteagmháil, de réir mar ba chuí, le máthair-ranna agus gníomhaireachtaí maoirseachta.
- 2.8** Tá roinnt comhlachtaí ar féidir leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ar a ráitis airgeadais tar éis soiléiriú a lorg ón Roinn maidir le cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann ceanglais an Chiorcláin leo, ach níl freagra faighte acu ina leith sin.
- 2.9** Nuair a d'eisigh an Roinn an Ciorclán i mí na Nollag 2016, ní raibh meastachán aici ar líon na gcomhlachtaí a bheadh i gceist ná ar an méid a thiocfadh chun a bheith inbhailithe de bhun a fhorálacha.
- 2.10** Luaigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne gur eisíodh an Ciorclán le ráta cuí ranníocaíochta fostóra a bhunú de réir an Achta. Luaigh sé, tráth ar eisíodh an Ciorclán,
- nach raibh sé indéanta líon na gcomhlachtaí a mbeadh feidhm ag an gCiorclán orthu ná an t-ioncam a ghinfí a mheas de bharr nach raibh an t-athbhreithniú ná an anailís mhionsonraithe déanta ag an Roinn go fóill
 - gur aithníodh go raibh gá le dul i mbun plé le hearnálacha agus comhlachtaí Stáit ábhartha agus go raibh an gá sin san léirithe sa Chiorclán.
- 2.11** Shonraigh sé gur cuireadh bac ar an athbhreithniú mionsonraithe mar gheall ar athruithe foirne sa Roinn agus daoine a chuaigh ar scor, ach luaigh gur athshannadh baill foirne don athbhreithniú le déanaí agus go gcuirfí i crích sa ráithe dheireanach de 2018 é.
- 2.12** Mar thoradh ar an obair atá déanta go dtí seo, tá 14 chomhlacht (féach Fíor 2.1) ag déanamh ranníocaíochtaí fostóra agus, amhail an 14 Meán Fómhair 2018, bhí luach €4.35 milliún de ranníocaíochtaí déanta acu.

Fíor 2.1 Comhlachtaí Stáit atá ag déanamh ranníocaíochtaí fostóra de réir Chiorclán 28/2016 ón Roinn

▪ An Coimisiún um Rialáil Fónais	▪ Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann
▪ Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo	▪ An Chomhairle Mhúinteoireachta
▪ Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí	▪ Comhairle na nDochtúirí Leighis
▪ Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	▪ Cumann Cógaiseoirí na hÉireann
▪ An tÚdarás um Ard-Oideachas	▪ Rialálaí an Chranncuir Náisiúnta
▪ An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe	▪ An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
▪ An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta	▪ An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsin

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

- 2.13** Cuirtear na ranníocaíochtaí fostóra faoi bhráid na Roinne agus déantar cuntas orthu mar leithreasaí i gcabhair de chuid Vóta 12 — Aoisliúntas agus Liúntais Scoir. Áirítear faoi fho-cheannteideal B7 den Vóta iad, chomh maith leis na ranníocaíochtaí fostaí.
- 2.14** Tá sainaitheint déanta ag an Roinn ar roinnt comhlachtaí eile a n-éilítear orthu ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh, dar léi. Tá an próiseas sainaitheanta seo fós ar bun agus is gá an scéal a shoiléiriú tuilleadh agus teacht ar chomhaontú. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl go mbeidh i gceist leis an gcéad chéim eile den athbhreithniú go ndéanfaidh an Roinn tuilleadh plé leis na hearnálacha agus na comhlachtaí Stáit ábhartha d'fhonn an cás a thabhairt chun réitigh.

Conclúidí agus moltaí

- 2.15** Nuair a tugadh isteach ranníocaíochtaí fostóra faoin Scéim Aonair i ndáil le baill foirne atá fostaíthe ag oibríochtaí féinmhaoinithe, bunaíodh coincheap na n-íocaíochtaí leis an Státchiste le costas iomlán na sochar pinsin arna dtuilleamh ag na baill foirne ábhartha a aithint. I bhformhór na gcásanna, is foinse ioncaim iad na ranníocaíochtaí fostóra toisc go dtagann siad (go hiomlán nó go páirteach) ó chistí a ngineann an comhlacht Stáit ábhartha iad.
- 2.16** Beidh ar na heintitis a n-éilítear orthu a leithéid de ranníocaíochtaí a dhéanamh an costas sin a chur san áireamh ina gcuid nósanna imeachta buiséadaithe, go háirithe i ndáil leis na táillí a shocraíonn siad le haghaidh na seirbhísí a chuireann ar fáil.
- 2.17** Amhail mí Mheán Fómhair 2018, tá liosta na gcomhlachtaí Stáit a n-éileofar orthu ranníocaíochtaí pinsin fostóra a dhéanamh i leith fostaíthe de chuid na Scéime Aonair fós le cur i gcrích ag an Roinn. Tá tugtha le fios ag an Roinn go bhfuil beartaithe aici an obair sin a chríochnú sa ráithe dheireanach de 2018.
- 2.18** Toisc gur ó tháillí agus ó ioncam eile a ngineann na húdaráis ábhartha iad a thagann an cistiú a theastaíonn le ranníocaíochtaí pinsin fostóra a dhéanamh, is ionann neamhbhailiú na suimeanna a tháinig chun a bheith dlite le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 agus easnamh sna leithreasaí i gcabhair. Ní féidir leis an Roinn meastachán a thabhairt ar an méid atá amuigh.
- 2.19** Rinneadh foráil sa Chiorclán go bhféadfaí na ranníocaíochtaí fostóra a shiardhátú go dtí an 1 Eanáir 2013. Beidh impleachtaí suntasacha ag baint le ceanglais an Ciorcláin sin a fheidhmiú in 2018, nó níos déanaí, do na heintitis atá i gceist, mar go dtiocfaidh cúig bliana de ranníocaíochtaí chun a bheith iníoctha ag an am céanna. D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí aige sin ar shreabhadh airgid gach eintitis atá i gceist.

Moladh 2.1

Ba chóir don Roinn sainaitheint a dhéanamh ar na comhlachtaí a n-éilítear orthu ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh gan a thuilleadh moille.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe.

Tá athbhreithniú ar bun ag mo Roinn faoi láthair ar aidhm leis sainaitheint a dhéanamh ar na comhlachtaí atá i gceist agus comhoibriú leo d'fhonn an cheist seo a thabhairt chun réitigh i ráithe 4, 2018.

